# Gaeltacht UCD
# www.ucd.ie/bnag

## Scileanna Cumarsáide trí Ghaeilge (Raidió):

### Modúl do Mhic Léinn Theach na Gaeilge

Tá an modúl seo eagraithe ag Gaeltacht UCD i gcomhar le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD agus leis an gcomhlacht Gaelchultúr Teoranta

www.ucd.ie/bnag



Seo do sheans chun:
Scileanna nua, inaistrithe a fhoghlaim!
Feabhas a chur ar do chuid Gaeilge!
Creidiúintí a shaothrú!

# Scileanna Cumarsáide trí Ghaeilge (Raidió):

An phríomhaidhm atá leis an modúl seo ná na scileanna a mhúineadh do na mic léinn a chuirfidh ar a gcumas clár raidió a fhorbairt, a chur i dtoll a chéile agus a phoibliú. Beidh na podchraoltaí ar fáil ar www.ucd.ie/bnag/ga/teachnagaeilge ag deireadh an tseimeastair.

Foghlaimeoidh na rannpháirtithe go leor scileanna nua le linn an mhodúil seo agus beidh na scileanna seo úsáideach dóibh i réimsí éagsúla den saol agus den obair ina dhiaidh sin. Cuirfear béim láidir ar chruinneas na Gaeilge agus ar an tábhacht a bhaineann leis le linn an mhodúil.

## ÁBHAR AN MHODÚIL

Foghlaimeoidh na rannpháirtithe conas:

- smaoineamh a fhorbairt le clár raidió a chur le chéile;
- trealamh taifeadta a úsáid;
- agallamh a chur ar dhuine;
- vox pop a dhéanamh;
- script/ord reatha a chur le chéile do chlár raidió;
- eagarthóireacht fuaime a dhéanamh ar ríomhaire

# Ranganna agus Cur Chuige

Beidh ar na rannpháirtithe freastal ar rang amháin sa tseachtain i seimeastar 2 ar feadh 11 seachtain ina bhfoghlaimeoidh siad réimse scileanna. Beidh na ranganna seo ar siúl lá amháin sa tseachtain idir 6.00 – 8.00 p.m.


Beidh an bhéim sa chéad seisiún, 6.00 – 7.00 p.m. ar an ngramadach agus ar chruinneas scríofa agus teagascóir de chuid Scoil na Gaeilge a bheidh ina bhun.

Díreofar sa dara seisiún, 7.00 – 8.00 p.m. ar an gclár raidió a bheidh á fhorbairt ag na mic léinn. Tabharfaidh na rannpháirtithe cur síos gach seachtain ar an dul chun cinn a bheidh déanta acu agus déanfar plé ar an obair a bheidh le déanamh sna seachtainí ina dhiaidh sin.

Ó am go chéile, tabharfaidh na rannpháirtithe cuairt ar stiúideo raidió agus déanfaidh siad míreanna a thaifeadadh le linn na cuairte sin. Beidh an dara seisiún níos faide ná uair an chloig ar na hoícheanta áirithe sin.

Beidh ar na mic léinn aiste ghearr a scríobh ag deireadh an mhodúil ina ndéanfaidh siad cur síos ar an obair ar fad a bheidh déanta acu le linn dóibh a bheith páirteach ann agus ina dtabharfaidh siad a gcuid tuairimí i dtaobh an mhodúil.


Beidh measúnú leanúnach i gceist sa dá sheisiún.




AN LÍON UAIREANTA

Ranganna teagaisc: 5 uair an chloig

Obair phraiticiúil
(an clár, measúnú agus obair scríofa): 75 uair an chloig




MEASÚNÚ / CREIDIÚINTÍ

Seo mar a bhronnfar marcanna ar na mic léinn:

| | |
|---|---|
| Measúnú leanúnach sa rang gramadaí (freastal agus ceachtanna): | 25% |
| Measúnú leanúnach sa rang faoin gclár raidió (freastal agus tascanna seachtainiúla): | 25% |
| An clár féin: | 25% |
| Aiste ag deireadh an mhodúil: | 25% |

Is fiú cúig chreidiúint an modúl seo.

Beidh na creidiúintí seo á mbronnadh ag Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta.




## EOLAS BREISE

Tá eolas breise le fáil ó:

Clár Ní Bhuachalla,
Gaeltacht UCD,
Seomra L508,
Foirgneamh na Leabharlainne,
UCD, Belfield, BÁC 4
Guthán: (01) 716-7387
Ríomhphost: gaeltacht@ucd.ie
Idirlíon: www.ucd.ie/bnag

Scoil na Gaeilge,
an Léinn Cheiltigh
agus an Bhéaloidis UCD, Áras Newman,
UCD, Belfield, BÁC 4
Guthán: (01) 716-8385
Ríomhphost: bairbre.nichonchuir@ucd.ie
Idirlíon: http://www.ucd.ie/icsf/ga/

IARRATAIS

Tá an modúl seo ar fáil do mhic léinn Theach na Gaeilge amháin agus ní mór dóibh siúd ar mian leo é a roghnú, clárú le hOifig Ghaeltacht UCD roimh thús an tseimeastair.